# An? Ní    Ar? Níor

Ní/Níor + **h**(séimhiú)

**Samplaí:** Ní t**h**éann, Ní d**h**earna
Níor b**h**ris, Níor t**h**ug

**Léigh é seo agus freagair na ceisteanna:**

Bhí Ciarán ag súgradh os comhair an tí. Tháinig a chara Liam agus thosaigh siad ag imirt peile ar an mbóthar. Bhuail Liam cic láidir ar an liathróid. Bhuail an liathróid an fhuinneog. Bhí an fhuinneog ina smidiríní. Chuala Daidí an torann. Cheannaigh sé píosa gloine agus dheisigh sé í. Téann na páistí ag imirt peile anois sa pháirc. Tagann Liam gach lá mar is maith leis peil.

1. Ar tháinig Tomás? ..................................................
2. Ar thosaigh siad ag iománaíocht? ..................................................
3. Ar thosaigh siad ag imirt peile sa ghairdín cúil? ..................................................
4. Ar thosaigh Mamaí agus Daidí ag imirt peile ar an mbóthar? ..................................................
5. Ar bhuail Ciarán cic láidir ar an liathróid? ..................................................
6. Ar bhuail Liam cic láidir ar Chiarán? ..................................................
7. Ar bhuail an liathróid an doras? ..................................................
8. Ar bhris an liathróid na bláthanna? ..................................................
9. Ar chuala Mamaí an torann? ..................................................
10. Ar dheisigh Liam an fhuinneog? ..................................................
11. An dtéann na páistí ag imirt peile anois ar an mbóthar? ..................................................
12. An dtéann siad ag imirt peile ar an trá? ..................................................
13. An dtéann siad ag imirt peile sa ghairdín? ..................................................
14. An dtagann Tomás ar cuairt gach lá? ..................................................
15. An dtagann Seán ar cuairt gach lá? ..................................................